Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2021 (OR. en)**

**13993/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0352(NLE)**

**MAR 219**
**OMI 98**
**ENV 898**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 13495/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 32ú Tionól de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le leasuithe ar na Treoirlínte a ghlacadh faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe |

**RÉAMHRÁ**

1. An 3 Samhain 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Baineann an togra le bunú sheasamh an Aontais a bheidh le glacadh le linn an 32ú Tionól de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) i ndáil le rún a ghlacadh maidir leis na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC).

3. Maidir leis an rún maidir leis na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC), a mheastar a ghlacfar le linn an 32ú seisiún de Thionól IMO, beifear in ann tionchar cinntitheach a imirt leis ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).

**OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE**

4. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Loingseoireacht an togra ag na cruinnithe neamhfhoirmiúla a bhí acu an 8 agus 15 Samhain 2021. Ghlac na toscaireachtaí leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht a cuireadh i láthair ag an gcruinniú deireanach sin.

5. Mar sin féin, d'athdhearbhaigh roinnt toscaireachtaí an athuair a seasamh nach measann siad go mbeadh sé réasúnach ná comhréireach dá nglacfaí Cinneadh ón gComhairle maidir le hionstraimí nach bhfuil ceangailteach ó thaobh an dlí de atá le glacadh ag IMO, mar a leagtar amach i ráiteas a rinneadh tráth a glacadh Cinneadh comhchosúil ón gComhairle don 31ú Tionól de chuid IMO[1].

6. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chuid de na leasuithe a rinneadh ar an togra bunaidh agus d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige ráiteas a chur le miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

7. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

**CONCLÚID**

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 13964/21 é, a d'ullmhaigh na saineolaithe dlí agus teanga, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle lena ghlacadh.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

1 Cinneadh (AE) 2019/2008 ón gComhairle an 28 Samhain 2019 (IO L 312, 3.12.2019, lch. 40). Féach 14211/19 ADD 2 le haghaidh an ráitis.